


Gníomhaíocht Daltaí: Codán, deachúlacha agus céatadán a iniúchadh

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, ‘Codán Deachúil Céatadán’, ar CD an Dalta.

1)

- i) Cé mhéad cearnóg ar leithead agus cé mhéad cearnóg ar airde atá an léaráid seo?

- ii) Cén codán den léaráid atá scáthaithe?




- iii) Cén céatadán den léaráid atá scáthaithe?

- iv) Cén luach deachúlach atá á léiriú sa chuid scáthaithe?

2.

Cén codán den léaráid 10×10 seo atá scáthaithe?

- i) _____




- ii) Cén céatadán den léaráid 10×10 seo atá scáthaithe?

- iii) Cén luach deachúlach atá á léiriú sa chuid scáthaithe den léaráid?

3.


- i) Cén codán den léaráid 10×10 seo atá scáthaithe?



- ii) Cén céatadán den léaráid 10×10 seo atá scáthaithe?

- iii) Cén luach deachúlach atá á léiriú sa chuid scáthaithe den léaráid?

4. Scátháigh na codáin seo ar na léaráidí thíos. Ansin scríobh an luach deachúlach agus an céatadán a fhreagraíonn dó i ngach cás:



a)


$$\frac{80}{100}$$

An céatadán scáthaithe =

An luach deachúlach atá scáthaithe =

b)

$$\frac{1}{5}$$




An céatadán scáthaithe =

An luach deachúlach atá scáthaithe =


c)

$$\frac{1}{4}$$



An céatadán scáthaithe =

An luach deachúlach atá scáthaithe =



$\frac{3}{4}$

An céatadán scáthaithe =

An luach deachúlach atá scáthaithe =

5. Cé acu duais ab fhearr leat a ghnóthú, 21% de dhuaischiste nó $\frac{1}{5}$ den duaischiste céanna? Mínigh do fhreagra.
-
-

6. Fuair Emer 48 marc as marc iomlán 50 sa scrúdú mata.

a) Cén céatadán den scrúdú mata a fuair sí i gceart?

b) Cén céatadán dá scrúdú mata a bhí mícheart?

c) Cén codán den scrúdú mata a fuair sí i gceart?

d) Cén codán den scrúdú mata a bhí mícheart aici?

e) Scríobh i bhfoirm deachúla an méid den scrúdú mata a fuair sí i gceart.

7. Cé acu ab fhearr leat, 0.7 de dhuais nó $\frac{3}{4}$ den duais chéanna? Mínigh do rogha.

8. Cén codán arb ionann é agus 0·8?

9. D'ith Seosaimhín 21 milseán as mála ina raibh 25 milseán.

a) Cén codán de na milseáin sa mhála a d'ith sí?

b) Cén codán de na milseáin sa mhála nár ith Seosaimhín?

c) Cén céatadán de na milseáin sa mhála a d'ith sí?

d) Cén céatadán de na milseáin sa mhála nár ith sí?

10. Cé acu sciar is mó, $\frac{1}{2}$ phíotsa 12 orlach, nó $\frac{3}{4}$ de phíotsa 9 n-orlaí? Mínigh do fhreagra.